Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa- Creat maidir le lipéadú inbhuanaitheachta bia le go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna bia inbhuanaithe a dhéanamh

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/14)

Rapóirtéir: **Andreas THURNER**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	5.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	147/5/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. **á chur in iúl gur díol sásaimh dó** an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach chun creat dlíthiúil a bhunú do chórais bhia inbhuanaithe, lena n-áirítear rialacha maidir le lipéadú inbhuanaitheachta bia. Is léir go mbeidh rialáil agus leibhéal áirithe caighdeánaithe agus comhchuibhithe riachtanach chun inchreidteacht agus cothrom na Féinne a áirithiú;

1.2. **á chur i bhfáth** gur coincheap ilghnéitheach í an inbhuanaitheacht inar cheart na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh go cothrom i gcónaí;

1.3. **á thabhairt le fios** go bhfuil a lán nósanna itheacháin éagsúla ag daoine, go mbraitheann na nósanna sin ar ghnéithe éagsúla agus gur beag an t-athrú a thagann orthu. Ba cheart, dá bhrí sin, do na hionchais maidir le scéim lipéadaithe inbhuanaitheachta a bheith réalaíoch ón tús. Mar sin féin, tá leas ginearálta i gceist leis an athrú chuig pátrúin tomhaltais níos inbhuanaithe;

1.4. **á mholadh**, dá bhrí sin, go mbunófaí creat lipéadaithe inbhuanaitheachta bia atá trédhearcach, bunaithe ar an eolaíocht agus chomh simplí agus chomh pragmatach agus is féidir, rud a chabhródh le hoibreoirí eacnamaíocha luacháil a dhéanamh ar inbhuanaitheacht táirgí, mar aon le feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht sin, agus faisnéis úsáideach a chur ar fáil do thomhaltóirí chun roghanna eolasacha a dhéanamh;

1.5. **á mholadh**, ar mhaithe le rochtain éasca agus phragmatach, go gcuirfí foghnéithe d'inbhuanaitheacht atá sainithe agus luacháilte go cuimsitheach, amhail leas ainmhithe agus critéir shóisialta nó chomhshaoil, san áireamh freisin. Níor cheart, áfach, an téarma "inbhuanaithe" a úsáid sa chás seo, ós rud é nár cheart é a úsáid ach amháin nuair a ghlactar cur chuige cuimsitheach luachála;

1.6. **á mholadh, ar an gcéad dul síos**, go nglacfaí cur chuige deonach, lenar cheart, áfach, coinníollacha éigeantacha a fhorchur i gcás ina gcuirfí i bhfeidhm é. Ba cheart toirmeasc a chur ar lipéid inbhuanaitheachta agus ar mhaímh inbhuanaitheachta nach gcloíonn leis na coinníollacha sin ina dhiaidh sin;

1.7. **den tuairim** gur féidir le córais lipéadaithe a bhfuil scála luachála iontu (e.g. córas na soilse tráchta) cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh. Ag an am céanna, is féidir le córas luachála den sórt sin ceannródaíocht maidir leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus cuideachtaí a spreagadh chun feabhas a chur ar phróisis an tslabhra bia ina leith sin;

1.8. **á chur i bhfios** go bhfuil algartaim luachála ríthábhachtach le haghaidh scála luachála. Ní mór do na halgartaim sin a bheith bunaithe ar an eolaíocht agus iad a chur in iúl go trédhearcach do na tomhaltóirí ar bhealach iomchuí;

1.9. **den tuairim** go n-áirítear cheana féin i scéimeanna cáilíochta AE atá ann cheana, amhail an fheirmeoireacht orgánach nó tásca geografacha, gnéithe a chuireann le hinbhuanaitheacht níos fearr sa chóras bia. Ba cheart aitheantas a thabhairt don mhéid sin. Molann CESE freisin go mbeadh na rialacha atá ann cheana faoi réir seiceáil inbhuanaitheachta agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí iad a fhorlíonadh le forálacha inbhuanaitheachta iomchuí;

1.10. **ag leagan béim ar** an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas chun tuiscint bhunúsach a thabhairt ar ghnéithe inbhuanaitheachta a bhaineann leis an mbia. D'fhéadfadh feachtais ardaithe feasachta agus bearta oiriúnacha chun tacú le hinacmhainneacht táirgí bia inbhuanaithe an t-aistriú i dtreo córais bhia níos inbhuanaithe a chur chun cinn freisin.

2. **Cúlra na tuairime**

2.1. Is gné lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip í an Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc" ([1]). Is é is aidhm don straitéis sin córais bhia a dhéanamh cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Áirítear i bplean gníomhaíochta na straitéise bearta chun tomhaltas inbhuanaithe bia a chur chun cinn agus chun an t-aistriú chuig aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe a éascú. Idir an dá linn, tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach cheana féin le creatdlí cothrománach a ullmhú chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta agus chun an t-aistriú sin a éascú. Tá sé d'aidhm aige freisin a áirithiú go n-éireoidh an bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais níos inbhuanaithe.

2.2. Tá creat láidir gníomhaíochta forbartha cheana féin ag CESE tríd an bhfís straitéiseach atá aige maidir le beartas cuimsitheach bia a chur chun cinn. Tá bunchlocha na físe sin leagtha amach i dtuairimí maidir le beartas cuimsitheach bia ([2]), aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe ([3]), slabhraí bia gearra/an agrai-éiceolaíocht ([4]), tomhaltas inbhuanaithe ([5]) agus beartais agus straitéisí agus oibríochtaí gnólachtaí bia a chur i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar mhaithe le téarnamh iar-COVID-19 ([6]).

2.3. Ar thaobh amháin, tá freagracht mhór ar chuideachtaí tomhaltóirí a spreagadh i dtreo roghanna sláintiúla agus níos neamhdhíobhálaí don aeráid, agus, ar an taobh eile, athrú inbhuanaithe a dhéanamh ar chórais bhia trí chleachtais inbhuanaithe feirmeoireachta, phróiseála agus phacáistithe a ghlacadh. Ba cheart do chuideachtaí a bheith mar chuid den phróiseas iomlán chun an creat lipéadaithe bia inbhuanaithe a fhorbairt.

2.4. Chomh maith le cuideachtaí agus geallsealbhóirí i réimse an táirgthe bia, tá ról ríthábhachtach ag tomhaltóirí san aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe. I bprionsabal, spreagann cinntí ceannaigh na dtomhaltóirí an chéad ordú táirgthe eile. Dá bhrí sin, bogfaidh an soláthar i dtreo na hinbhuanaitheachta mar thoradh ar an éileamh méadaithe ar bhia inbhuanaithe.

2.5. I bhfianaise an mhéid sin, déanfar iniúchadh sa tuairim féintionscnaimh seo ar roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann le creat maidir le lipéadú inbhuanaitheachta bia agus cuirfear conclúidí agus moltaí i láthair chun tacú leis an gCoimisiún Eorpach i gcéim luath sa phróiseas chun creat beartais den sórt sin a fhorbairt.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is coincheap ilghnéitheach í an inbhuanaitheacht inar cheart na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh go cothrom i gcónaí. De réir shainmhíniú Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), córas bia inbhuanaithe is ea córas bia a chinntíonn slándáil bia agus cothú do chách ar bhealach nach ndéanfaidh dochar

([1]) https://ec.europa.eu/food/horizontal-topics/farm-fork-strategy_en
([2]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *An méid a rannchuidíonn an tsochaí shibhialta le beartas cuimsitheach bia a fhorbairt san Aontas* (IO C 129, 11.4.2018, lch. 18) (níl leagan Gaeilge ann).
([3]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *Aistí bia folláine agus inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas Eorpach* (IO C 190, 5.6.2019, lch. 9).
([4]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *Soláthar slabhraí bia gearra agus malartacha a chur chun cinn: ról na hagra-éiceolaíochta* (IO C 353, 18.10.2019, lch. 65) (níl leagan Gaeilge ann).
([5]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *I dtreo straitéis AE maidir le tomhaltas inbhuanaithe* (IO C 429, 11.12.2020, lch. 51) (níl leagan Gaeilge ann).
([6]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *Straitéisí agus oibríochtaí gnólachtaí bia a chur i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar mhaithe le téarnamh iar-COVID-19* (IO C 152, 6.4.2022, lch. 63).

don bhonn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheidh de dhíth chun slándáil bia agus cothú a áirithiú do na glúine atá le teacht ([7]). I mbeagán focal, ní rud inbhuanaithe é, de réir nádúr an fhocail sin, béim a chur ar an gcuid sin den inbhuanaitheacht a bhaineann leis an gcomhshaol, sin nó ar na colúin shocheacnamaíocha den inbhuanaitheacht, agus ar an méid sin amháin, mar a dhéantar go minic sa lá atá inniu ann. Is é an aidhm ba cheart a bheith ann an slabhra luacha ina iomláine a chur san áireamh i dtrí cholún na hinbhuanaitheachta.

3.2. Níor cheart é a bheith d'aidhm ag creat lipéadaithe an bia a aicmiú mar bhia inbhuanaithe nó neamh-inbhuanaithe, ach ba cheart don chreat sin tacú leis an bhforbairt i dtreo córas bia níos inbhuanaithe. Tá an creat lipéadaithe ceaptha cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha inbhuanaitheacht táirgí a luacháil agus a fheabhsú (modheolaíochtaí lena ndreasaítear feabhsuithe, mar shampla córas tagarmharcála nó córas tagartha) agus chun treoir úsáideach a chur ar fáil do thomhaltóirí. Ba cheart an creat lipéadaithe sin a fhorbairt ar bhealach oscailte agus trédhearcach le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha agus ba cheart dó cur le modheolaíocht shoiléir eolaíochtbhunaithe. Chuige sin, ba cheart rochtain a bheith ag cuideachtaí ar tháscairí, ar mhodheolaíochtaí agus ar na torthaí a bhaintear amach ar bhonn na scéime lipéadaithe. Thar aon ní eile, ní mór dó a bheith simplí.

3.3. Tá gá le rialacha soiléire chun laghdú a dhéanamh ar an éiginnteacht atá sa mhargadh faoi láthair mar gheall ar an ró-úsáid a bhaintear as an téarma "inbhuanaithe" (cineál glas-snasaithe). Ba cheart cosc a chur ar lipéid inbhuanaitheachta nó ar mhaímh inbhuanaitheachta nach bhfuil bunaithe ar scéim deimhniúcháin a bhfuil aitheantas forleathan aici.

3.4. Ba cheart lipéadú inbhuanaitheachta bia a bheith bunaithe ar an bpróiseas iomlán táirgthe agus is ar bhonn deonach ba cheart é a eagrú, go fóill, ar aon nós. Mar sin féin, ní mór aon chreat maidir le lipéadú inbhuanaitheachta bia a bheith bunaithe ón tús ar shainmhíniú soiléir/modheolaíocht shoiléir a thógann ar gach ceann de thrí cholún na hinbhuanaitheachta (inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta). Ba cheart don mhéid sin an slabhra luacha bia ina iomláine a chumhdach, ó chéim an táirgthe go céim an tomhaltais. Ag céim níos déanaí, ba cheart meastóireacht a dhéanamh chun féachaint an mbeadh gá le hoibleagáid maidir le lipéadú inbhuanaitheachta a thabhairt isteach. Ba cheart, i gcreat an Aontais, scóip a thabhairt do na córais náisiúnta agus réigiúnacha, ach níor mhór na sainmhínithe agus na rialacha luachála a chomhchuibhiú ar fud an Aontais.

3.5. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh de ról an lipéadaithe, áfach. Ba cheart tuiscint réalaíoch phragmatach a bheith ann ar an méid is féidir agus nach féidir le lipéad inbhuanaitheachta a bhaint amach. Le go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus bia á cheannach acu nó aistí bia níos sláintiúla a chleachtadh, ba cheart dóibh, de réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, a bheith ar an eolas faoin lipéad agus é a aithint, brí an lipéid a thuiscint, a bheith in ann é a úsáid i gceart agus suim a bheith acu sin a dhéanamh ([8]). Beidh tábhacht ar leith ag baint le feasacht a mhúscailt maidir le scéimeanna lipéadaithe inbhuanaitheachta agus cáilíochta an Aontais. D'fhéadfadh an méid sin, mar aon le bearta soláthair phoiblí agus oideachais, an t-éileamh ar tháirgí bia inbhuanaithe a neartú. Ba cheart do lucht ceaptha beartas féachaint freisin ar bhearta leordhóthanacha chun tacú le hinacmhainneacht agus inrochtaineacht bia inbhuanaithe.

3.6. Tá lipéadú inbhuanaitheachta tábhachtach i gcás nach féidir leis an monaróir an fhaisnéis a bhfuil gá ag an tomhaltóir léi a chur ar fáil go díreach. I gcás inar féidir leis an monaróir an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil go díreach don tomhaltóir (e.g. i margadh áitiúil feirmeoirí nó i siopa feirme), níl gá le scéim lipéadaithe. Tá sé sin tábhachtach freisin chun ualach maorlathais ar tháirgeoirí beaga a sheachaint.

3.7. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le tuiscint bhunúsach a fháil ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta bia. Is gá infheistíocht a dhéanamh i mbearta oideachais chun aistí bia inbhuanaithe a chur chun cinn i measc daoine óga, ionas gur féidir leo luach an bhia a thuiscint. Ina theannta sin, is féidir a bheith ag súil leis go gcuirfeadh leanaí "oideachas" ar a dtuismitheoirí maidir le nósanna níos inbhuanaithe a ghlacadh, faoi mar a tharla i réimse na sórtála agus na hathchúrsála dramhaíola. Mar shampla, ba cheart do scéim scoile an Aontais maidir le torthaí, glasraí agus bainne díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha inbhuanaitheachta freisin.

3.8. Is mian le CESE aird a tharraingt arís ar an moladh a rinne sé cheana treoirlínte nua maidir le cothú inbhuanaithe a fhorbairt lena gcuirfí san áireamh na difríochtaí cultúrtha agus geografacha idir na Ballstáit agus idir réigiúin laistigh díobh. Chuirfeadh na treoirlínte sin treoir ar fáil d'fheirmeoirí, do phróiseálaithe, do mhiondíoltóirí agus do sheirbhísí bia. Bhainfeadh an córas agraibhia leas as "creat" nua chun bia níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh agus a dhíol ar phraghas níos cothroime ([9]).

([7]) https://www.fao.org/in-action/territorios-inteligentes/componentes/produccion-agricola/contexto-general/en/

([8]) https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/336988/WHO-EURO-2020-1569-41320-56234-eng.pdf?sequence=1&isAllowed=y

([9]) Tuairim féintionscnaimh ó CESE *Aistí bia folláine agus inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas Eorpach* (IO C 190, 5.6.2019, lch. 9) (níl leagan Gaeilge ann).

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá nósanna itheacháin éagsúla ag daoine agus bíonn tionchar láidir ag an timpeallacht phearsanta agus chultúrtha ar na nósanna sin. Ina theannta sin, is beag an t-athrú a thagann ar nósanna itheacháin: má tá daoine chun a n-aistí bia a athrú, ní tharlóidh sé sin ach i gcéimeanna beaga agus thar thréimhsí ama fada. Stíl mhaireachtála agus timpeallacht shóisialta na ndaoine, is tosca ábhartha eile iad lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil ról ag an inbhuanaitheacht i bpatrúin tomhaltais. Mar sin féin, tá sé tugtha le fios ag céatadán mór agus méadaitheach de thomhaltóirí go bhfuil siad sásta a gcuid nósanna tomhaltais a athrú ar chúiseanna inbhuanaitheachta. Ba mhian leo go mbeadh faisnéis inbhuanaitheachta ann le go bhféadfaidh siad roghanna eolasacha a dhéanamh.

4.2. Ar bhonn níos ginearálta, is minic a bhíonn lipéadú inbhuanaitheachta tarraingteach dóibh siúd a bhfuil suim acu cheana féin san ábhar. Tá sé i gceist le lipéadú inbhuanaitheachta go mbeidh sé níos éasca don phríomhghrúpa sin cinntí maidir le tomhaltas inbhuanaithe a dhéanamh.

4.3. Ardaíonn sin an cheist, dá bhrí sin, ar cheart teagmháil a dhéanamh leo siúd nach bhfuil suim acu san inbhuanaitheacht agus conas teagmháil a dhéanamh leo. Mar sin féin, d'fhéadfadh an ról eiseamláireach atá ag na príomh-spriocghrúpaí maidir leis an inbhuanaitheacht athrú iompraíochta a spreagadh. Céim chun tosaigh is ea é freisin má dhéanann spriocghrúpaí nach bhfuil an oiread sin spéise acu san ábhar roghanna bia inbhuanaithe, ar a laghad ó am go chéile nó i bhforéimsí. Níl sa mhéid sin ach roinnt saincheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu chun go mbeidh na hionchais maidir le lipéadú inbhuanaitheachta réalaíoch ón tús.

4.4. Chun lipéadú rathúil inbhuanaitheachta ar tháirgí bia a bhaint amach, ní mór do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoin lipéad agus glacadh leis, agus ní mór teachtaireacht shoiléir a bheith tugtha air. Ní mór an lipéad féin a bheith intuigthe, simplí agus iontaofa. Ag an am céanna, ba cheart bearta tionlacain a chur i bhfeidhm ar thaobh an tomhaltóra, agus oideachas agus faisnéis maidir le haistí bia inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an nglacadh atá ag daoine leis na córais lipéadaithe agus an mhuinín atá acu astu a mhéadú, agus tomhaltas níos inbhuanaithe a spreagadh.

4.5. Ba cheart maíomh inbhuanaitheachta a bheith bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: iontaofacht, trédhearcacht, ábharthacht, inrochtaineacht agus soiléireacht (féach Treoirlínte na Náisiún Aontaithe maidir le faisnéis a thabhairt faoi inbhuanaitheacht táirgí ([10])). Ní mór a áirithiú leis an gcóras deimhniúcháin go gcuirfear an cúlra struchtúrach san áireamh ar bhealach leordhóthanach ionas nach ngearrfar pionós ar struchtúir bheaga agus mheánmhéide, amhail feirmeoirí, FBManna, táirgí á ndíol go díreach ar láthair na feirme, margaí seachtainiúla, etc.

4.6. D'fhéadfadh córais lipéadaithe a bhfuil scála luachála iontu (e.g. córas na soilse tráchta) cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh. Ag an am céanna, is féidir le córas luachála den sórt sin ceannródaíocht maidir leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus cuideachtaí a spreagadh chun feabhas a chur ar phróisis an tslabhra bia ina leith sin. Mar sin féin, d'fhonn mearbhall a sheachaint, ní mór leibhéal áirithe comhsheasmhachta a bheith ann i measc na scéimeanna lipéadaithe áirithe.

4.7. Agus creat iomchuí maidir le lipéadú inbhuanaitheachta á fhorbairt, ba cheart, a mhéid is féidir, cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh ar mhaithe le "táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe" seachas "bia inbhuanaithe" amháin. Is gné ríthábhachtach í iompraíocht na dtomhaltóirí sa léargas foriomlán ar chóras bia inbhuanaithe. Tá an phacáistíocht agus an t-iompar (tionscnamh an táirge) chomh hábhartha céanna. Ag an am céanna, tá gá le roinnt pragmatachais agus na táscairí inbhuanaitheachta ábhartha á sainiú (e.g. cén fhaisnéis/sonraí atá ar fáil i bhfoirm iontaofa). In aon chás, ba cheart tacar comhchuibhithe rialacha maidir le lipéadú inbhuanaitheachta a bhunú a luaithe is féidir. De bharr go mbíonn líon na lipéad éagsúil inbhuanaitheachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal gnó ag ardú i gcónaí, cruthaítear mearbhall agus caillteanas muinín.

4.8. Tá a gcéad taithí á fáil ag miondíoltóirí bia na hEorpa cheana féin ar threoirthionscadail maidir le lipéadú inbhuanaitheachta bia. Áirítear an méid seo a leanas sna réamhthorthaí: is iondúil go mbíonn an dearcadh ar tháirgí a bhfuil lipéad orthu níos dearfaí ná mar a bhíonn i gcás táirgí nach bhfuil lipéad orthu, ach nach mbíonn mórán tionchair ag an lipéad sin ar chinneadh an cheannaitheora; de ghnáth, is iad na spriocghrúpaí is óige a thugann aiseolas dearfach; nuair a úsáidtear córas scórála uaireanta, cruthaítear mearbhall de thoradh an "nutriscore"; is mian le tomhaltóirí go mbeadh faisnéis ar an bpacáistiú (seachas ar an bpraghaslipéad amháin). I measc na bpríomh-shaincheisteanna tá creidiúnacht an chórais luachála (neamhspleách, eolaíochtbhunaithe), soiléireacht na faisnéise (intuigtheacht), cur chuige atá chomh comhchuibhithe agus is féidir a ghlacadh ar fud na hearnála agus trédhearcacht ("soiléiriú" seachas "simpliú", amhail barrachód a úsáid lena stóráiltear faisnéis ábhartha).

([10]) https://www.oneplanetnetwork.org/knowledge-centre/resources/guidelines-providing-product-sustainability-information

4.9. Tá sé ríthábhachtach an ghné shóisialta agus shocheacnamaíoch a chur san áireamh, cé go bhféadfadh sé nach bhfuil na táscairí ina leith sin soiléir. Sa réimse sóisialta go háirithe, tá forálacha dlíthiúla éagsúla ag na Ballstáit (dálaí oibre, pá íosta), ar dócha go ndéanfaidh siad cúrsaí níos casta maidir le cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh ar fud an Aontais. D'ainneoin sin, tá sé tábhachtach an ghné shocheacnamaíoch a chur san áireamh sa lipéadú inbhuanaitheachta.

4.10. Mar chuid de chur chuige pragmatach, dealraíonn sé go bhfuil sé loighciúil aitheantas a thabhairt do scéimeanna deimhniúcháin AE atá ann cheana amhail an fheirmeoireacht orgánach, tásca geografacha faoi chosaint (TGFC), sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) nó sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (STR) chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn sa chóras bia. Cé go bhféadfadh sé nach bhfuil gach gné den inbhuanaitheacht san áireamh sna scéimeanna sin, áirítear leo gnéithe a chuireann le hinbhuanaitheacht níos fearr sa chóras bia. Ba cheart na rialacha atá ann cheana a bheith faoi réir seiceáil inbhuanaitheachta agus, más gá, ba cheart forálacha inbhuanaitheachta iomchuí a bheith ag gabháil leo.

4.11. Is féidir ról a bheith ag táirgí réigiúnacha/áitiúla agus slabhraí soláthair gairide chun córais bhia a dhéanamh níos inbhuanaithe. Is minic gur i ngarchomharsanacht an daonra áitiúil a bhíonn táirgeoirí réigiúnacha i mbun táirgeadh, agus ar an gcaoi sin, bíonn "rialú sochaíoch" de chineál éigin ar bun acu, rud a chuireann modhanna táirgthe inbhuanaithe chun cinn de ghnáth.

4.12. Tá tionchar ag an ngné "séasúracht" ar leibhéal na hinbhuanaitheachta, go háirithe i gcás torthaí agus glasraí. Sa chatagóir bia seo atá dian ar uisce agus ina bhfuil táirgí bia a lobhann go tapa, is féidir le faisnéis agus oideachas feasacht a mhúscailt maidir le tomhaltas ar bheagán acmhainní.

4.13. Is é is aidhm don athchóiriú a rinneadh ar CBT le déanaí agus do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, an Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc") i dtalmhaíocht na hEorpa, go ndéanfaí táirgeadh talmhaíochta na hEorpa níos inbhuanaithe fós. Dá bhrí sin, trí áit tionscnaimh na n-amhábhar talmhaíochta a lipéadú, is féidir breith a dhéanamh ar a leibhéal inbhuanaitheachta.

An Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG